



**Ag cothú muiníne, ag tógáil pobail
Torthaí obair na bhfócasghrúpaí ar úsáid agus
líofacht na Gaeilge a spreagadh i measc lucht
labhartha agus lucht foghlama na Gaeilge**

1

Tuairisc ar an taighde
Janet Muller
Márta 2019

POBAL,
13-3ú hurlár
Muileann Abhainn Bheara
81 Bóthar Chluanaí
Béal Feirste,
BT12 7AE
Teil: +44 (0)77 13 630325 - R-phost: eolas@pobal.org - www.pobal.org

Cén fáth an taighde seo?

In 2017-8, rinne POBAL taighde ar 'Eispéireas na nIar-dhaltaí de chuid an Ghaeloideachais i mBéal Feirste ar Bhreisoideachas agus ar Ardoideachas, ar Thraenáil agus ar Fhostaíocht óna 1970idí go dtí an lá inniu'. Taighde luachmhar a bhí ann agus spreag sé muid le tuilleadh staidéir a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den scéal. Léirigh an chéad togra taighde forbairt an Ghaeloideachais sa chathair go ginearálta, agus borradh i líon na bpáistí atá ag freastal ar scoileanna Gaeilge. Ní raibh amhras ar bith ann go raibh éileamh soiléir ar an leanúnachas oideachasúil Gaeilge i ndiaidh laethanta na bunscolaíochta mar gur roghnaigh neart daoine iar-bhunscolaíocht Ghaeilge. Léirigh an taighde an fhoinsé scileanna atá ag an phobal óg atá ag teacht chun cinn fríd an Ghaeloideachas, foinsé a bheidh úsáideach don mhargadh oibre san am i láthair agus amach anseo, agus gur earnáil bhríomhar í a chuireann le héagsúlacht na cathrach. Mar sin, d'aimsigh an taighde na deiseanna atá ann do Chomhairle Bhéal Feirste agus d'fhorais eile rialtasacha a bhfuil dualgais orthu i leith na forbartha eacnamaíche, an dea-chaidrimh, agus na pleanála pobail, le seirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú a chuireann pobal na Gaeilge san áireamh, fud fad na cathrach. Rinne Comhairle Bhéal Feirste an taighde a mhaoiniú faoina clár Acmhainniú an Phobail, agus chuir an taighde áis thábhachtach eolais ar fáil d'oideachasóirí, d'áisíneachtaí stáit, do ghrúpaí Gaeilge, do sholáthróirí traenála agus do dhaoine nach iad. Thiocfadh leis an taighde cuidiú le hacmhainniú phobail agus le neart a chur san obair leanúnach atá ar siúl, deiseanna le réamhphleanáil a dhéanamh, leis an mhargadh fostaíochta a fhorbairt agus le cumas a mheaitseáil le riachtanais fostaíochta.

Agus muid ag amharc siar 45 bliain, go bunú an chéad bhunscoile i mBéal Feirste, aithníonn muid gur tháinig athruithe dearfacha ar stádas na Gaeilge agus an Ghaeloideachais le himeacht ama. Sna freagraí a fuair muid ó iardhaltaí, mothaítear cumas agus muinín. D'ainneoin sin, tá tuiscint ar an imeallú agus ar an eisiámh le brath ar an phobal i gcoitinne. Sa tátail taighde, cuireadh béim ar bhuarthaí na bhfreagróirí faoin easpa cosanta reachtaíochta a

bhí ann don teanga agus faoi ghanntanas agus dhofheictheacht na seirbhísí trí Ghaeilge go háitiúil. Bhí éileamh thar na bearta ag freagróirí ar a thuilleadh seirbhísí agus ar a thuilleadh tacaíochta do phobal na Gaeilge. Ina theannta sin, d'éiligh siad 'normálú' na teanga sa tsaol phoiblí trí mheán na reachtaíocht, trí infheictheacht níos suntasaí, agus trí fhorbairt ar sheirbhísí nua feabhsaithe.

Bhí torthaí an taighde iontach dearfach ó thaobh úsáid na Gaeilge ag freagróirí sa tsaol oibre agus sa tsaol phearsanta. Ach go fóill, rinne cuid acu tagairtí don 'easpa muiníne' agus don ghá atá le deiseanna breise foghlama agus cleachtaidh, mar shampla ciorcail chomhrá, duaiseanna aitheantais, leithéidí Gaeilgeoir na Míosa, imeachtaí sóisialta d'fhoghlaimoirí nó dóibh siúd atá ag iarraidh an teanga a fhoghlaim. Luaigh roinnt daoine fadhbanna maidir le muinín agus cumas agus an gá le tacú ar bhonn leanúnach le feabhsú i líofacht agus i gcruinneas na Gaeilge, chomh maith leis an ghá atá le bogearraí ríomhaireachta agus le háiseanna a bheadh ina gcuidiú le tascanna riaracháin.

Le linn dúinn a bheith ag plé thorthaí an taighde go forleathan le hoideachasóirí, le grúpaí Gaeilge, le fostóirí agus leis an phobal i gcoitianta, cuireadh fáilte mhór roimh thorthaí dearfacha an taighde. Cé gur aithníodh láidreachtaí an Ghaeloideachais, thuig muid go gasta gur shíl roinnt de na heochair-imreoirí gur cheart tabhairt faoi fheabhas leanúnach in achan ghné den scéal san am chéanna. Dar le líon beag daoine, líon a bhí suntasach mar sin féin, tá easpa muiníne as a gcuid Gaeilge ag céatadán ard de dhaoine óga agus d'fhoghlaimoirí níos síne agus tá an baol ann mar gheall air sin go dtabharfadh siad cúl leis an teanga.

Mar sin, le tógáil ar an taighde bunlíne a rinneadh cheana féin, agus arís le maoiniú ó Chomhairle Bhéal Feirste faoina chlár Acmhainniú an Phobail, chinn POBAL gur cheart staidéar níos doimhne a dhéanamh ar cheist na muiníne agus chuige sin cinneadh sraith d'fhócasgrúpaí a reáchtáil le cás-staidéar a dhéanamh ar na tuairimí agus ar na moltaí a bheadh ag oideachasóirí, iardhaltaí agus fostóirí.

Téarmaí tagartha

Bhí an taighde a rinne POBAL in 2017-18 dírithe ar eolas bunlíne a bhailiú ar iardhaltaí Gaeloideachais i mBéal Feirste. Agus córas an oideachais Ghaeilge i bhfeidhm sa chathair le 45 bliain, fuarthas freagraí ó dhaoine idir 18-50 bliain d'aois. D'aithin muid mar sin nach le daoine óga amháin a bhaineann an cheist seo faoi dhul i ngleic le tógáil muiníne. Baineann sé chomh maith le foghlaimeoirí fásta agus leo siúd a d'imigh ón scoil agus Gaeilge mhaith acu, b'fhéidir tamaill ó shin, agus nach raibh deiseanna acu í a chleachtadh an oiread agus ba mhaith leo, ar chúiseanna éagsúla.

Bhuail muid mar sin le roinnt daoine a raibh taithí éagsúil acu – oideachasóirí, daoine acadúla, ionadaithe ranna stáit agus ionadaithe na ngrúpaí Gaeilge, feiceáil cén saghas ceisteanna ab fhearr a chur agus cé orthu iad a chur. Shocraigh muid ar líon beag de chruinnithe fócasghrúpa a reáchtáil agus tharraing le chéile liosta teagmhála. Ag an tús, rinne muid iarracht daoine a thabhairt le chéile de réir a gcuid sainthaithí – mar shampla, oideachasóirí, múinteoirí oideachais d'aoisigh, acadúlaithe, oifigigh forbartha le grúpaí Gaeilge; srl. Thuig muid go luath, áfach, go mbeadh sé doiligh daoine ar leith a bhailiú le chéile ag am amháin, agus chinn muid ar chruinnithe breise a leagan amach. Chomh maith leis sin agus sa chás nach dtiocfadh linn am cuí a shocrú, chuir muid ceistneoir amach chuig líon beag de dhaoine le go dtiocfadh linn go fóill foghlaim óna gcuid taithí agus a gcuid tuairimí. Ach shocraigh muid gan an ceistneoir a sheoladh amach go forleathan mar go raibh muid ag iarradh an bunfhócas a dhíriú ar dhíospóireachtaí i ngrúpaí beaga.

Modheolaíocht an Taighde

Ón tús, d'aithin POBAL an tábhacht a bheadh ann na daoine cuí a mhealladh le páirt a ghlacadh sa taighde. Sular dhréachtaigh muid na ceisteanna do na fócasghrúpaí, reáchtáil muid sraith de chruinnithe le hoideachasóirí, le hionadaithe ó na heochaireagrais agus na heochairchoistí chun croí-ábhar suime an taighde a aimsiú, agus cuidiú linn formáid na bhfócasghrúpaí a fhorbairt mar is ceart.

Ábhair suime sna cainteanna sin gur ardaíodh ceist ar cad is sainmhíniú don choincheap ‘muinín’ agus cad é mar is féidir é a thomhas. Aontaíodh go forleathan go bhfuil réimse leathan de chineálacha ‘muiníne’ nó ‘easpa muiníne’ ann, agus gur minic nach stad buan nó fiú fadtréimhseach atá ann. Is beag duine nach gcailleann misneach in amanna, nó nach mothaíonn go bhfuil siad as a ndoimhneacht agus iad ag tabhairt faoi ghníomh deacair faoi shúile duine oilte. Léiríodh an tuairim chomh maith gur féidir ‘easpa muiníne’ a úsáid ar bhealach furasta le diúltú céim chun tosaigh éigin a ghlacadh sa tsaol.

Dar le léachtóir sinsearach i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, baineann muinín leis an eolas atá lucht labhartha nó lucht foghlama na Gaeilge in ann a aimsiú agus baineann sé le deiseanna cleachtaidh. Is léir go gcaithfear toil a bheith ag an duine tarraingt ar an eolas agus ar dheiseanna cleachtaidh.

Shocraigh muid ar dheich gceist le cur ar na fócasghrúpaí ar fad, ba chuma cén sainchúlra a bhí ag na rannpháirtithe. Ar an chéad dul síos, in áit glacadh leis go mbeadh an tuairim chéanna ag gach fócasghrúpa is a bhí ag freagróirí dár dtaighde an bhliain roimhe, rinne muid iarracht a fháil amach an aimseodh na rannpháirtithe grúpaí nó daoine aonaracha a léiríonn easpa muiníne ina gcuid Gaeilge agus a bheadh i gcontúirt cúl a thabhairt leis an teanga. Chuir muid ceist orthu ansin, ina dtuairimí féin, cén fáth nach mbíonn muinín ag na grúpaí ar leith seo. Shíl muid go mbeadh sé tábhachtach chomh maith fiosrúchán a dhéanamh ar cé acu a bhaineann easpa muiníne le gnéithe ar leith na teanga (mar shampla, leis an teanga labhartha nó leis an teanga scríofa; le stór focal; le teanga sóisialta nó teanga acadúil; le gramadach, srl) nó nach mbaineann.

Thiontaigh muid ansin chuig na gníomhartha ar féidir tabhairt fúthu le muinín a thógáil. Chuir muid ceist an raibh samplaí den dea-chleachtas ann a chuidíonn le muinín a ardú agus an raibh gníomhartha eile de dhíth. D’fhiafraigh muid cé ba chóir tabhairt faoi na gníomhartha sin agus cé na hacmhainní a bheadh de dhíth, agus cá mbeadh na hacmhainní. Iarradh ar na rannpháirtithe cén tábhacht, dar leo, a bhain leis an cheist faoi ardú muiníne, agus ag deireadh na seisiúin ar fad, tugadh deis dóibh pointí eile nó moltaí a dhéanamh.

Reáchtáladh na fócasghrúpaí le linn an laein áiteanna éagsúla in iarthar Bhéal Feirste. Bhí stiúrthóir POBAL mar áisitheoir. Cuireadh na ceisteanna taighde roimh gach fócasghrúpa san ord cheanna agus scríobhadh síos ar smeach-chairt na pointí a rinneadh sa phlé. D'éirigh sé soiléir go luath sna cruinnithe go raibh dlúthnasc idir na ceisteanna taighde. Ba mhinic rannpháirtithe ag tairiscint réitigh fiú agus iad ag aimsiú fadhbanna. Chinn muid é seo a thaispeáint sa tuairisc seo, os rud é go léiríonn sé nádúr orgánach na ndíospóireachtaí a tharla.

Reáchtáil muid dhá chruinniú le hoideachasóirí, múinteoirí agus príomhoidí scoile, daoine ón tsaol acadúil, agus ionadaithe ó eagrais a bhfuil clár oideachais d'aoisigh acu. Bhí fócasghrúpaí eile againn le rannpháirtithe ó bhreisoideachas agus ó earnáil na hóige, le hoifigh Ghaeilge agus le fostóirí ó earnáil na n-ealaíon agus na ngrúpaí Gaeilge agus ó na meáin chumarsáide Ghaeilge. San iomlán ghlac níos mó ná 40 duine a bhfuil sainról éigin acu páirt sna fócasghrúpaí. Ar na rannpháirtithe bhí ionadaithe ó: Cumann Chluain Árd, Coláiste Feirste, Bunscoil Mhic Reachtain, Ollscoil na Ríona, Scoil na Fuisioige, Gaelchúrsaí / Acadamh na Gaeilge, Comhairle na Gaelscolaíochta, An tÁisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, An Droichead, Aisling Ghéar, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Glór na Móna, Ionad Uíbh Eachach, Raidió Fáilte, Macha Media, An Ciste Craoltóireachta Gaeilge agus Below the Radar.

Ceisteanna Taighde

I dtaithe na rannpháirtithe féin, an bhfuil grúpaí / daoine aonair a léiríonn easpa muiníne as a gcuid Gaeilge agus atá i gcontúirt cúl a thabhairt leis an teanga? Cé hiad?

Chuir muid ceist orthu siúd a bhí i láthair ag gach fócasghrúpa ar shíl siad féin go raibh grúpaí ar leith i mbaol cúl a thabhairt leis an teanga ceal muiníne. D'aithin gach grúpa ríthábhachtach na ceiste seo, agus thagair beagnach gach duine do shamplaí starógacha as a dtaithe féin. Ba léir gur thuig na rannpháirtithe gur cheist chasta a bhí ann chomh maith, agus go n-imríonn pearsantacht an duine aonair tionchar nach beag ar na roghanna a dhéanann

siad nuair atá an mhuinín in easnamh. Dúirt siad gur rogha phearsanta é cén teanga a úsáideann duine, agus nach bhfuil freagra simplí amháin ann. Ag an am chéanna, thagair rannpháirtithe ó earnáil an phobail chomh maith le fostóirí Gaeilge, don dóigh, taobh amuigh d'earnáil na Gaeilge, a ndéantar a bheag den Ghaeilge a bheith ag daoine agus mar a chuireann an easpa measa sin le heaspa muiníne. Dar le rannpháirtí amháin, áfach, ní bhíonn daoine i gcónaí ionraic nuair a mhíníonn siad cén fáth nach n-úsáideann siad an Ghaeilge atá acu. Bíonn úsáid an Bhéarla níos fusa dá lán daoine, go háirithe i ndiaidh dóibh a bheith ar shiúl ón teanga le tamaillín. Rinne rannpháirtithe eile an pointe go bhfuil an Béarla thart timpeall orainn i gcónaí, agus nárbh ionadh ar bith é go n-imreodh cumhacht na teanga sin tionchar ar úsáid na Gaeilge.

Maidir leo siúd a bhí ag obair in earnáil an oideachais (ag gach leibhéal, ón bhunscolaíocht go dtí an tríú leibhéal), d'aithin siad uilig go raibh láidreachtaí agus laigí maidir le sealbhú na teanga ag gach leibhéal agus in achan chóras oideachais. Dar leo gurb ionann cuid de na dúshláin a bhíonn roimh scoileanna Gaeilge agus na dúshláin a bhíonn roimh scoil ar bith. Thagair roinnt múinteoirí scoile mar shampla don bhealach a n-athraíonn meon an dalta scoile de réir aoise. Dar le cuid acu, bíonn tréimhse ann, timpeall 13-14 bliain, nuair a dhiúltaíonn cuid mhaith páistí d'údarás na scoile. I gcás an Ghaeloideachais, in amanna is ionann 'údarás' agus teanga na scoile, agus thig leis an tréimhse sin dochar a dhéanamh do dhearcadh an duine óig ar an teanga. Go ginearálta, chreid na rannpháirtithe go raibh níos mó eolais de dhíth faoi bhuntáistí sláinte, oideachais and fostaíochta ó thaobh na Gaeilge de. Chomh maith, d'aithin na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí ar fad go raibh tábhacht ar leith le himeachtaí agus le gníomhartha Gaeilge taobh amuigh den scoil, ní hamháin mar chúltaca don scolaíocht lán-Ghaeilge, ach le treisiú leis an dearcadh nach teanga na scoile amháin atá sa Ghaeilge. Mhaígh rannpháirtithe ó earnáil an phobail gur mhinice a d'aithin daoine fásta an luach atá leis an Ghaeilge de thairbhe gur rogha é óna dtaobhsan de tabhairt faoi fhoghlaim na Gaeilge. In amanna, dar lena lán, ní aithníonn daltaí scoile go bhfuil scil sa bhreis acu, go háirithe nuair is léir dóibh nach nglactar leis mar scil sa tsaol taobh amuigh den scoil. Dúirt fostóir linn go síleann lion suntasach de dhaoine óga, agus iad ag cur iarratais isteach ar phost leis, gur mó luach atá lena gcáilíocht ar leith NVQ ná mar atá

lena líofacht sa Gaeilge – cé gur poist le heagras Gaeilge na poist atá i gceist. Mhaígh an fostóir go mb'fhéidir go ndéanann siad talamh slán dá gcuid scileanna teanga, ach ag an am chéanna agus cé go bhfuil borradh suntasach faoi phobal na Gaeilge sa chathair le blianta beaga anuas, gur thug sé fá dear go mbíonn iontas orthu a fháil amach go dtig leo, i ndáiríre, post a fháil in áit lán-Ghaeilge,.

Maíodh fosta go dtagann tréimhse ina dtuigeann daltaí scoile atá ar a gcompord leis an Ghaeilge go mb'fhéidir nach bhfuil gach rud ar eolas acu. Tagraítear go minic don leibhéal féinmhuiníne a leiríonn daltaí de chuid an Ghaeloideachais, ach i gcás cuid díobh siúd, atá cleachtaithe leis an Ghaeilge a chluintear thart timpeall orthu, thig leo muinín a chailleadh nuair a thuigeann siad go tobann, ag aois óg, go mb'fhéidir nach bhfuil a gcur amach ar an Ghaeilge díreach chomh maith is a shíl siad (agus is amhlaidh atá an scéal maidir lena gcur amach ar an Bhéarla nó ar an Mhata, is dócha). D'aithin a lán an fhadhb ar leith sin, agus dúradh go mbíonn sí le mothú i ndaoine níos síne chomh maith. Maidir le foghlaimeoirí fásta, chreid na rannpháirtithe go dtig leis a bheith deacair dóibh deiseanna labhartha a aimsiú agus ar an ábhar sin, ní bhíonn cleachtadh acu ar úsáid rialta na teanga. Nuair nach bhfuil deis ag daoine an teanga a úsáid go rialta, mar gheall ar chúinsí éagsúla, is minic a shíleann siad nach bhfuil go leor líofachta sa teanga acu le comhrá a choinneáil le daoine eile. Aithníodh go mbíonn eagla ar dhaoine nach mbeidh siad ábalta daoine eile a thuiscint agus roimh bhotúin a dhéanamh. D'aontaigh na rannpháirtithe uilig gur ghá an teachtaireacht a scaipeadh go forleathan gur próiseas leanúnach atá san fhoghlaim. Luaigh rannpháirtithe arís is arís eile an tábhacht atá le daoine a mholadh agus a spreagadh, ach aithníodh chomh maith go gcaithfidh múinteoirí agus daoine atá líofa meancóga a cheartú. Bhí daoine ann a mhol gur chóir moladh a thabhairt ar dtús agus ansin ceartú a dhéanamh más gá. Mhóthaigh daoine eile gurbh fhearr athrá a dhéanamh b'fhéidir ar chiall na habairte, ach ar bhealach níos cruinne nó níos saibhre, agus ansin leanstan leis an chomhrá gan aird a dhíriú ar an cheartúchán.

Bhí rannpháirtithe ag na cruinnithe ar fad den tuairim go raibh dúshlán ar leith roimh dhaoine nach mbíonn i dteagmháil rialta leis an teanga níos mó. Mar

shampla, áit nach bhfuil an iar-bhunscolaíocht Ghaeilge ar fáil, thig leis a bheith doiligh do dhaoine óga tógáil ar a gcuid féinmhuiníne arís i ndiaidh dóibh a bheith i dtimpeallacht lán-Bhéarla ar feadh bliain nó dhó. Rinne rannpháirtithe áirithe an pointe go mbíonn míbhuntáiste ar leith acu siúd a d'fhreastail ar Ghaelscoil ach nach bhfuil Gaeilge ag na tuismitheoirí ná nach bhfuil ag obair in earnáil na Gaeilge mar go mbíonn níos lú deiseanna acu Gaeilge a labhairt go rialta. Mhothaigh na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí ar fad go láidir go bhfuil bearnaí suntasacha sa tsoláthar trí Ghaeilge ag an am i láthair, agus go n-eascraíonn dúshlán ar leith as sin. Leag siad béim ar an ghá atá le leanúnachas, le héagsúlacht agus le hard-chaighdeán teagaisc sa Ghaeloideachas, chomh maith le háiseanna agus deiseanna labhartha sa cheantar áitiúil. Daoine óga a fhágann an scoil ar 17-18 bliain d'aois, bíonn an fhadhb chéanna acu mura dtéann siad ag obair nó i mbun cúrsa oiliúna trí Ghaeilge. Dar leis na rannpháirtithe, bíonn sé thar a bheith deacair do dhaoine pilleadh ar an teanga nuair a bhrítear ar an teagmháil rialta a bhíodh acu leis an teanga.

Aimsíodh grúpa eile a dtig leo a bheith faoi mhíbhuntáiste teangeolaíoch, mar atá tuismitheoirí óga le Gaeilge. Athraíonn an saol go hiomlán nuair atá tuismitheoirí (agus go háirithe mná óga) sa bhaile le leanaí, agus mhothaigh na rannpháirtithe go raibh tuilleadh taighde de dhíth lena fháil amach cén céatadán de na daoine seo atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge sa bhaile agus cén tacaíocht atá de dhíth orthu.

Labhair go leor de na rannpháirtithe faoi iardhaltaí Gaeloideachais a tháinig ar ais lena gcuid páistí féin a chlárú le scoileanna Gaeilge ach nár thóg na páistí céanna le Gaeilge, agus nach raibh sásta Gaeilge a labhairt le múinteoirí. Rinneadh an pointe gur rogha tuismitheora atá ann pilleadh ar an Ghaeloideachas, agus go léiríonn sé sin go bhfeiceann na tuismitheoirí sin buntáistí leis an teanga a bheith ag na páistí s'acu féin. Moladh gur cheart níos mó taighde a dhéanamh ar chumas Gaeilge na dtuismitheoirí seo agus iad ar scoil sa dóigh go mb'fhéidir go dtiocfadh 'pointe claochlaithe' a aimsiú, pointe nuair a bheadh a ndearcadh i leith na Gaeilge ar tí athrú, agus taighde ar an tsaghas tacaíochta a bheadh de dhíth orthu lena gcuid muiníne féin a thógáil.

Tagraíodh don ghá le tumoideachas do na daoine fásta seo agus níos mó deiseanna leis an teanga a labhairt, chomh maith le téarmaíocht ar leith nó saibhreas teanga mar a bhaineann le tógáil páistí.

Bhí sé soiléir gur thuig na rannpháirtithe chomh dúshlánach is atá sé i gcónaí dearcadh dearfach muiníneach a chothú, go háirithe agus an teanga go fóill ar imeall na sochaí seo. Mhaígh siad gur cheart tionchar dearfach a imirt ar gach duine maidir leis an teanga, agus ní hamháin orthu siúd a bhfuil an teanga acu. Ba léir gur thuig na rannpháirtithe go bhfuil meá chothrom le haimsiú idir freastal ar riachtanais phobal na Gaeilge agus tionchar a imirt ar an mhórphobal. Agus ganntanas acmhainní maoinithe agus daonna ann, bíonn ar ghrúpaí Gaeilge a gcuid fuinnimh a dhíriú go cúramach. Fuair roinnt de na rannpháirtithe locht ar chur chuige Fhoras na Gaeilge i dtaca le meon an phobail Bhéarla, mar dar leo nach raibh sé soiléir go raibh fíis ná straitéis ag an Fhoras i dtaca le híomhá na teanga a fheabhsú i measc an mhórphobail, cé go raibh sin mar chuid de ról an Fhorais. D'aontaigh na rannpháirtithe go raibh 'laochra' de dhíth ar gach glúin, daoine údarásacha sa chomhlúadar le dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú.

Ba léir do rannpháirtithe earnáil an oideachais go raibh bearnaí sa chóras nach dtiocfadh leis an Ghaeloideachas amháin a líonadh. Aithníodh go raibh téarmaíocht agus leaganacha cainte ar leith in úsáid sa chóras oideachais (Gaeilge agus Béarla) agus nach léiríonn an teanga seo i gcónaí an saol taobh amuigh den scoil. I gcás na Gaeilge, mura bhfuil an teanga á labhairt sa bhaile, is féidir bearnaí a bheith ann i stór focal agus téarmaíochta an dalta.

Is cosúil go n-imríonn bearnaí sa tsoláthar tionchar díobhálach ar gach leibhéal den chóras oideachais. Luaigh rannpháirtithe ón tríú leibhéal go gcailleann daoine teagmháil le saol na Gaeilge in amanna agus iad i bpost nach post san earnáil Ghaeilge é. Dar leo nach bhfuil go leor post le Gaeilge ann agus go mbeadh i bhfad níos mó post agus éagsúlacht post ann dá mbeadh na seirbhísí atá de dhíth ar an phobal á gcur ar fáil.

Rinneadh idirdhealú idir cúinsí na teanga i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe. Ar an chéad dul síos, is minic nach mbíonn leanúnachas sa tsoláthar oideachais atá ar fáil i ndiaidh na bunscoile, go háirithe i gceantair thuaithe, ach dar le roinnt daoine, bíonn an pobal faoin tuath ag brath ar a chéile i bhfad níos mó ná mar a bhíonn sa chathair. Dúirt siad go mbeadh miondífriochtaí in amanna sa chaidreamh idir an pobal agus an eaglais agus idir an pobal agus an CLG faoin tuath, mar shampla, agus go dtiocfadh leis sin tionchar nach beag a imirt ar an scolaíocht agus ar an tsaol shóisialta faoi tuath, tionchar nach bhfuil, b'fhéidir, chomh soiléir ar an tsaol sa chathair r bharr na ndífriochtaí sin, is minic nach mbíonn an t-infrastruchtúr tacaíochta agus deiseanna labhartha / teagmhála chomh forbartha faoin tuath is atá sa chathair. Glacadh leis go bhfuil feabhas ag teacht ar an scéal seo anois agus níos mó cumainn óige agus clubanna iar-scoile ag feidhmiú. Mar sin féin, maíodh go dtiocfadh le páistí mothú níos uaigní agus scoite amach ó chomhluadar Gaeilge agus iad taobh amuigh den scoil, ag brath ar cá háit a raibh cónaí orthu. Dúirt rannpháirtí amháin go raibh pobal na Gaeilge mar a bheadh pobal 'rúnda' ann. Dúirt duine eile áfach nár léir dó mórán difir sa chaighdeán Gaeilge atá ag daltaí i scoileanna faoin tuath agus scoileanna sa chathair. Shíl sé b'fhéidir gur bhain sé níos mó le héiteas agus le teagasc na scoile ná le cén áit a raibh an scoil lonnaithe.

D'aontaigh gach duine go raibh gá le comharthaíocht Ghaeilge agus le hiarrachtaí úsáid na teanga a chothú sa tsaol phoiblí. Mar shampla, mura raibh a fhios agat cheana féin go raibh Gaeilge ag an fhreastalaí i gcaifelann nó i siopa, seans go gcreidfeá nach raibh is go gcaillfeá deis leis an teanga a úsáid. Shíl na rannpháirtithe chomh maith nach raibh go leor eolais ar fáil go forleathan faoi cad é a bhí ar fáil ó na grúpaí Gaeilge agus cén saghas tacaíochta a thig a aimsiú trí imeachtaí, ranganna agus seirbhísí eile. Na céimeanna is féidir a ghlacadh leis an teanga a shealbhú nó a athshealbhú, ba chóir iad á fhógairt ar bhealaí i bhfad níos soiléire, dar le rannpháirtithe.

D'aithin na rannpháirtithe sna fócasgrúpaí ar fad go raibh tábhacht le teagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla. Thagair siad d'ardchaighdeán na Gaeilge a bhíonn ag roinnt daltaí sna scoileanna Béarla, go háirithe caighdeán na teanga

scríofa. Mhaígh siad, áfach, go raibh sé soiléir go mbeadh deiseanna níos fearr ag páistí Gaeloideachais máistreacht níos iomláine a fháil ar an teanga, agus go raibh siad go mion minic níos compordaí ag labhairt na teanga ná mar a bhí páistí sa chóras Béarla, áit a bhfuil an Ghaeilge á teagasc mar ábhar scoile i measc ábhair eile. Aithníodh go mbaintear líofacht amach sa chóras Béarla, agus in amanna go mbíonn níos mó béime ar an ghramadach agus ar an teanga scríofa i scoileanna Béarla, ach i bhfad níos lú deiseanna labhartha ag na daltaí. I scoileanna Béarla, ní bhíonn an Ghaeilge ina teanga chumarsáide choitianta i measc an scoilphobail taobh amuigh den tseomra ranga. Dá bharr sin, ní bhíonn an Ghaeilge labhartha chomh nádúrtha sin i gcónaí ag daltaí sa chóras Béarla, ach rinneadh an pointe gur féidir tógáil ar fhéinmhuinín na ndaltaí sin de réir a chéile ach deiseanna rialta labhartha a bheith acu. Léiríodh inní faoin titim atá i líon na ndaltaí i scoileanna Béarla atá ag déanamh GCSE Irish le blianta beaga anuas de bhrí nach dtugtar an stádas céanna do theangacha is a thugtar do na hábhair STEM. Ciallaíonn sé sin go bhfuil soláthar agus áiseanna de dhíth ar scoileanna Béarla, agus athrú ar stádas na dteangacha taobh istigh den chóras.

In bhur dtuairim féin, cén fáth nach mbíonn muinín ag grúpaí ar leith?

Aontaíodh nach raibh aon sainmhíniú amháin ar ‘mhuinín’ agus mar sin nach bhféadfaí fáth simplí amháin a aimsiú ach an oiread. Mhothaigh na rannpháirtithe go mbíonn easpa muiníne againn uilig in amanna, ag brath ar chúinsí. Thagair rannpháirtithe do chastacht na ceiste chomh maith mar go mbaineann ‘muinín’ le cumas, le híomhá na teanga sa sochaí seo, le timpeallacht teanga, le heaspa stádais na Gaeilge agus le dearcadh an duine féin. Luadh drochthaithí; an buntáiste a bheadh le fíis earnáil an Gaeloideachais a chothú agus a neartú; dearcadh an phiarghrúpa; tromaíocht ar scoil; easpa taithí ag lucht bainistíochta san earnáil go ginearálta agus ualach oibre chomh maith. Mhothaigh na rannpháirtithe gur cheart lán-Ghaeilge a chothú ar bhealach córasach in eagrais Ghaeilge, ach gur deacair sin in amanna mar go bhfuil an Béarla thart timpeall orainn i gcónaí agus é iontach cumhachtach. Tá ríthábhacht le bród a spreagadh agus a chothú i lucht labhartha na teanga. Tháinig pointe eile amach as an phlé ar fad: gur próiseas

fada atá i bhforbairt scileanna teanga, agus nach mbíonn modheolaíocht fhoirfe i gcónaí ann. Mar shampla, luadh chomh deacair is atá sé teanga a fhoghlaim mura bhfreastalaíonn daoine ach ar rang oíche amháin sa tseachtain. Luadh fosta tábhacht éiteas na scoileanna Gaeilge agus an t-atmaisféar foghlama i scoileanna Béarla agus in institiúidí ardoideachais agus breisoideachais. Dar leis na rannpháirtithe, imríonn na gnéithe seo uilig tionchar ar dhearcadh an duine, agus is fiú tabhairt faoi éiteas agus atmaisféar dearfach a fheabhsú go leanúnach.

Ag an am chéanna, d'aimsigh na rannpháirtithe gnéithe éagsúla sa scéal gur féidir a aithint go furasta: suíomh an chomhrá, agus an caidreamh cumhachta idir dhaoine, mar shampla. Mhaígh rannpháirtí amháin nach ionann an cás dul isteach sa bhanc, Gaeilge a labhairt is £5 a aistarraingt ó do chuntas féin agus dul isteach sa bhanc, Gaeilge a labhairt agus iasacht £10,000 a iarraidh, mar is féidir go mbeadh an custaiméar imníoch go dtiocfadh leis an bhanc diúltú don iasacht mura raibh siad sásta lena rogha teanga.

Mar sin féin, le linn na ndíospóireachtaí ag na cruinnithe, aimsíodh roinnt fachtóirí i gcoitinne a théann i bhfeidhm ar mhuintir an duine:

- Easpa leanúnachais sa Ghaeloideachas ó leibhéal amháin go leibhéal eile, go háirithe i gcás páistí nach bhfuil deis acu oideachas iar-bhunscoile a fháil trí Ghaeilge
- Tuismitheoirí nach bhfuil líofacht na Gaeilge acu
- Easpa ardoideachais, breisoideachais, oiliúna agus gairmoiliúna trí Ghaeilge
- Laigí sa teanga labhartha
- Laigí sa teanga scríofa
- Teanga shóisialta de dhíth ach easpa ama ar scoil agus i ranganna do dhaoine fásta le stór focal níos leithne a theagasc – caithfear díriú ar ábhar ar leith agus teanga na scrúduithe.
- Bíonn roinnt daoine faiteach roimh chainteoirí atá níos líofa ná iad (nó a shíleann siad a bheith níos líofa ná iad) agus bíonn eagla orthu botúin a dhéanamh

- Nach mbíonn go leor deiseanna ag daoine an teanga a úsáid ar bhonn rialta
- Nach mbíonn deiseanna cuí acu chun cruinneas nó saibhreas a chur lena gcuid Gaeilge scríofa nó chun cleachtadh rialta a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge labhartha; ní bhíonn fáil acu ar théarmaíocht nua de réir mar an thagann athrú ar na cúinsí saoil acu
- Maidir le daoine fásta, mar gheall ar easpa deiseanna, is féidir gur minic a fheiceann siad an Ghaeilge mar theanga don tseomra ranga amháin
- Easpa leanúnachais idir leibhéil éagsúla – bunrang, meánrang, ardrang srl – agus níos mó comhordaithe de dhíth idir soláthraithe ranganna, agus níos mó poiblíochta
- Mianta nach bhfuil réadúil maidir leis an infheistíocht atá de dhíth ar an duine fásta le teanga a fhoghlaim – is féidir teanga a fhoghlaim go cinnte, ach glacfaidh sé níos faide mura bhfuil mórán ama agat
- Easpa pleanála teanga – an bhfuil go leor tacaíochta ar fáil do thuismitheoirí?

An mbaineann easpa muiníne le gnéithe ar leith den teanga: teanga labhartha, scríofa, stór focal, teanga shóisialta {teanga shúgartha san áireamh}, teanga acadúil, gramadach, eile?

Dar leis na rannpháirtithe i ngach fócasghrúpa, clúdaíonn ‘líofacht’ na míreanna uilig thuasluaite, agus mar sin, thig le gach ceann díobh tionchar a imirt ar mhúinín an duine. Agus sin ráite, aithníodh go ndéanann gach duine botúin ghramadaí sa Ghaeilge, díreach mar a dhéanann sa Bhéarla – i ngan fhios dóibh féin de ghnáth. Maíodh go mbíonn faitíos ar fhormhórna ndaoine an teanga a labhairt nó a scríobh go poiblí faoi chúinsí ar leith, mar shampla nuair atá siad i gcuideachta léachtóirí, cainteoirí dúchais srl. Ag brath ar phearsantacht an duine, thiocfadh le neamhchinnteacht faoi mhionphointe gramadaí tochailt faoi mhúinín s’acu, nó thiocfadh dó go leanfadh siad leo ag caint is ag scríobh agus ag foghlaim go deo. Tagraíodh i bhfócasghrúpa amháin do dhaoine atá líofa sa Ghaeilge ach nach n-úsáideann í sa labhairt ná i

scríbhinn agus arís braitheann sin ar mheon, ar dhearcadh agus ar phearsantacht an duine.

Rinne a lán daoine an pointe go bhfuil tábhacht ar leith le cé leis a labhraíonn tú Gaeilge. Más í an Ghaeilge teanga an láithreáin oibre, na scoile, an teaghlaigh srl, labhróidh tú Gaeilge, agus más é an Béarla teanga an láithreán oibre srl, labhróidh tú Béarla. Glacadh leis arís is arís eile go raibh cumas labhartha chun tosaigh, go ginearálta, taobh istigh de Ghaelscoileanna agus go raibh buntáiste ar leith ag páistí agus ag foghlaimeoirí i dtimpeallacht lán-Ghaeilge. Aithníodh ag an am chéanna nach soláthraíonn gach gnó 'Gaeilge' nó gach 'Gaelscoil' an leibhéal céanna, ná b'fhéidir an caighdeán céanna, d'eispéireas lán-Ghaeilge. Bíonn polasaithe scríofa teanga cuiditheach, agus bíonn treoir agus ceannasaíocht de dhíth lena chinntiú go n-úsáidtear an teanga mar mheán cumarsáide gach lá.

Mar a nótáladh roimhe, dúirt na fócasghrúpaí ar fad gur minic a bhíonn ardchaighdeán líofachta sa teanga scríofa, chomh maith le cur amach maith ar an ghramadach ag daltaí sna scoileanna lán-Bhéarla. Ní bhíonn, áfach, an cumas céanna acu sa teanga labhartha, ceal deiseanna leanúnacha an Ghaeilge a úsáid sa chaint. Bhí tuairimí éagsúla ann faoi mhodhanna éagsúla teagaisc – arbh fhearr cumas a chothú trí theagasc na gramadaí, nó trí chomhrá nádúrtha, bunaithe ar fhuaimneanna agus ar fhoghraíocht na teanga, agus ar chanúintí atá anois níos aitheanta sa Chaighdeán. Dúradh, áfach, gur féidir le daltaí sna scoileanna Béarla líofacht sa chaint a bhaint amach nuair atá siad in ann am a chaitheamh i dtimpeallacht Ghaeilge. Cé gur aithníodh an difríocht idir na modhanna teagaisc i scoileanna Béarla agus Gaeilge, maíodh go raibh fadhbanna sa Ghaeilge scríofa iontach coitianta i measc daltaí scoile (agus foghlaimeoirí fasta mar aon). I gcás na ndaoine fásta go háirithe, dúradh gurbh fhearr le roinnt mhaith daoine iompú ar an Bhéarla, nó gan iarracht a dhéanamh ardchaighdeán a bhaint amach sa teanga scríofa.

Shíl rannpháirtithe áirithe go raibh bearnaí sa stór focal ina fhadhb, agus cheangail siad sin in amanna leis an chineál teanga theoranta a úsáidtear ar scoil agus sa tsaol acadúil. Tá gá le teanga na mothúchán agus teanga an

teaghlaigh a theagasc. Cuireadh béim mar sin ar ról na dtuismitheoirí agus go minic ar ról na máthara mar chéadchúramóir agus, go minic, mar phríomhchúramóir. Glacadh leis go bhfuil níos mó taighde de dhíth le teacht ar phacáistí tacaíochtaí cuí do thuismitheoirí, de réir a gcuid líofachta féin. Dúirt a lán daoine go raibh bearnaí go minic sa téarmaíocht, agus easpa sainfhoclaíochta ag foghlaimeoirí agus ag daltaí scoile mar aon. Ach, braitheann sé seo ar neart na n-earnálacha difriúla. Rinneadh an pointe, mar shampla, go mbíonn téarmaíocht forbartha agus in úsáid gach lá sna meáin Ghaeilge, mar go bhfuil earnáil na cumarsáide ag soláthar cláir raidió agus theilifíse le blianta fada in RTÉ, TG4, Raidió na Gaeltachta srl. Dá mbeadh fáil ar réimse leathan d'ábhair sa ghairmoideachas, bheadh téarmaíocht níos sainiúla agus níos leithne ar eolas ag daoine. Mar sin féin, tá titim sa léitheoireacht go ginearálta, is cuma faoi theanga an ábhair léitheoireachta, agus téann sé seo i bhfeidhm ar fhoghlaim agus ar chleachtadh na Gaeilge fosta. Tá an-tionchar ag Béarla Mheiriceá orainn chomh maith, agus tá sé doiligh é sin a sheachaint.

Ardaíodh ceist faoi cé chomh hábhartha is atá curaclam na Gaeilge d'fhoghlaimeoirí, mar go mbíonn sé dírithe ar 'leibhéal' agus bunaithe go minic ar an churacclam do theangacha coimhthíocha, nach bhfuil ag teacht le saol na ndaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim. I gcás na meán sóisialta, bíonn ar phobal na Gaeilge 'teanga' úrnua a chumadh, í bunaithe ar an Bhéarla go minic. Agus na meáin shóisialta chomh lárnach anois i saol an aosa óig, cuireadh béim ar thábhacht na bearna sin. Ag an am chéanna, d'aithin roinnt rannpháirtithe an meon cruthaitheach atá taobh thiar de chuid den chumadóireacht nua ar na meáin shóisialta.

Mar fhocal scoir, cé gur aimsigh na rannpháirtithe fadhbanna áirithe, mhothaigh siad chomh maith go raibh fás agus forbairt i saol na Gaeilge agus go raibh borradh faoi líon na ndaoine le Gaeilge. Tá dúshlán romhainn, gan amhras, ach táthar dearfach dóchasach faoin todhchaí.

Cad é mar is féidir dul i ngleic le muinín a thógáil?

Bhí sé soiléir ó fhreagraí na rannpháirtithe go mbaineann sé seo le cúinsí ar leith an duine agus lena p(h)earsantacht chomh maith. Rinneadh an pointe, de réir mar a chuirtear le líon na ndaoine a bhfuil cumas agus ardchumas sa Ghaeilge acu, gurb amhlaidh a fhásfaidh muinín na ndaoine go ginearálta. Thagair na rannpháirtithe ar fad don easpa stádais atá ag an Ghaeilge, don easpa seirbhísí cuí do phobal na Gaeilge agus don easpa feiceálachta. Aontaíodh gur cheart comhthéacs níos fáiltiúla don teanga a chruthú agus normalú a dhéanamh ar a húsáid sa tsaol phoiblí.

Dúirt rannpháirtithe áirithe go bhfuil ‘pobal’ de dhíth le páistí a thógáil le Gaeilge agus le féinmhuinín. D’aithin gach fócasghrúpa an ríthábhacht atá le grúpaí Gaeilge agus an t-olltíonchar a imríonn siad ar fhorbairt phobal labhartha na Gaeilge taobh amuigh den chóras scolaíochta. Ach ardaíodh a lán buarthaí faoi spleáchas / neamhspleáchas na hearnála. Dar le roinnt de na rannpháirtithe, bíonn grúpaí agus tograí Gaeilge ag cur obair ar ardchaighdeán i gcrích ar an leathphingin. Ag an am céanna, síleann siad go mbíonn smacht na maoinitheoirí nó / agus na bpolaiteoirí ar dheontais maoinithe ag méadú go leanúnach. Cruthaíonn sé sin imní agus amhras sna grúpaí Gaeilge faoi todhchaína hoibre, go háirithe má dhéanann siad cáineadh ar chúis éigin ar mhaoinitheoirí nó ar pholaiteoirí. Mhothaigh rannpháirtithe go láidir gur cheart neamhspleáchas na hearnála Gaeilge a chosaint, mar gur aithin siad go dtiocfadh le himpleachtaí tromchúiseacha a bheith ann dóibh mura raibh maoinitheoirí ná polaitheoirí sásta le cáineadh, is cuma cé acu cáineadh dearfach nó diúltach é.

Bhí líon ard de rannpháirtithe den tuairim láidir go bhfuil níos mó post le Gaeilge de dhíth le go mbeidh rogha cheart fostaíochta ag daoine agus iad ag críochnú a gcuid oideachais trí Ghaeilge. Dá mbeadh ‘earnáil na Gaeilge’ féin níos láidre, bheadh níos mó deiseanna ag daoine cleachtadh teanga a dhéanamh gach lá. Maidir le foghlaimoírí fásta, dá mbeadh níos mó deiseanna ann d’oibríthe deonacha, chuideodh sé sin leo. Bheadh sé úsáideach dá mbeadh comhordú ann idir grúpaí Gaeilge agus iad siúd atá ar lorg deiseanna cleachtaidh teanga,

le daoine leis na scileanna cuí a chur i dteagmháil le grúpaí atá ar lorg cuidiú agus atá in ann beart traenála agus taithe a thairiscint d'oibrithe deonacha.

Rinneadh an pointe roinnt uaireanta go mbíonn polasaí teanga agus ceannasaíocht de dhíth le timpeallacht lán-Ghaeilge a chothú san áit oibre, go háirithe, b'fhéidir, nuair atá foireann measartha mór de dhaoine óga ag obair le chéile. Caithfear stiúir shoiléir a thabhairt lena chinntiú, in ainneoin aon bhrú sóisialta diúltach, gurb í an Ghaeilge gnáth-theanga na cumarsáide ní amháin le custaiméirí ach leis an fhoireann ar fad chomh maith.

Chuir roinnt rannpháirtithe béim ar an tábhacht atá le réimse leathan d'imeachtaí sóisialta i suíomhanna áitiúla, dírithe ar aoisghrúpaí ar leith. Glacadh leis go bhforbraítear teanga shóisialta trí bheith páirteach i bpobal labhartha na Gaeilge. Moladh gur cheart 'Laethanta Oscailte' a bheith ag na lárionaid Ghaeilge fud fad na cathrach (agus taobh amuigh di) le níos mó eolais a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, nó fiú mórimeacht, leithéid 'Culture Night' na Gaeilge, a réachtáil.

Maidir le foghlaimoirí fásta, ba chóir go raibh leanúnachas idir leibhéil na ranganna agus go raibh curaclam ann atá níos oiriúnaí do shaol na ndaoine. Ba cheart deiseanna a thabhairt do dhaoine sainfhocláíocht a fhoghlaim, mar shampla, sainfhocláíocht do thuismitheoirí nua. Déantar an teanga acadúil agus gramadach a fhorbairt i ranganna oíche go hiondúil agus in amanna thig leis a bheith deacair do roinnt daoine freastal ar ranganna foirmeálta. Bheadh solúbthacht de dhíth maidir le huairéanta agus suíomhanna na ranganna, agus mhothaigh rannpháirtithe go bhfuil imeachtaí foghlama neamhfhoirmeálta de dhíth.

Dar lena lán daoine, ní raibh go leor tuisceana ann ar bhuntáiste na Gaeilge agus an dátheangachais go ginearálta agus gur chóir níos mó poiblíochta a dhéanamh faoi sin. Mhothaigh na rannpháirtithe go raibh pobal na Gaeilge go ginearálta iontach fáiltiúil agus modhúil macánta nuair a bhí siad ag caint le foghlaimoirí. Ag an am chéanna, d'aithin siad go dtiocfadh teachtaireacht níos láidre go fóill a chur amach, gurb é úsáid na Gaeilge an rud ba thábhachtaí, go

háirithe ag an tús, agus gur fiú í a labhairt is gan a bheith róbhuartha faoi bhotúin. Le feasacht a ardú faoi thábhacht na Gaeilge, b'fhiú laochra agus ambasadóirí na Gaeilge a chur chun cinn agus bealaí nua a aimsiú lena thaispeáint go bhfuil an Ghaeilge breá bríomhar agus 'cool'.

Mhaígh na rannpháirtithe go gcaithfear daoine a bheith in ann post le Gaeilge a fháil, i réimse leathan de shlite beatha. Is léir go bhfuil seirbhísí de gach cineál de dhíth agus go bhfuil fás ar líon na ndaoine a bheadh in ann na seirbhísí sin a chur ar fáil ach nach bhfuil an stát ag tapú na deise le daoine le Gaeilge a earcú. Ba chóir go ndéanfaí tréan-iarrachtaí lena chinntiú go mbeadh Gaeilge ag fáilteoirí agus ag rúnaithe, na daoine a mbíonn an chéad teagmháil acu leis an phobal. D'aontaigh na rannpháirtithe go raibh tábhacht go háirithe le comharthaíocht agus le fáilte a chur roimh úsáid na Gaeilge. Is féidir comharthaí a fháil saor in aisce ó Fhoras na Gaeilge agus ó fhoinsí eile, ach ardaíodh an cheist an bhfuil go leor poiblíochta ann faoi seo.

Rinneadh plé cuimsitheach ag na fócasghrúpaí ar na bealaí is fearr le muinín a thógáil tríd an chóras oideachais. Aontaíodh go dtig leis a bheith deacair an cur chuige foirfe a roghnú i ngach cás. Ní bhíonn an dearcadh céanna ag gach múinteoir agus aithnítear gur féidir gur post atá sa mhúinteoireacht in áit físe. Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh tuiscint níos fearr ann ar ról na ngobharnóirí scoile agus ar ról na n-iontaobhaithe. Is féidir gur daoine iad siúd a bhfuil taithí acu ar scoileanna Béarla, agus in amanna ní bhíonn Gaeilge acu. Dúirt roinnt de na rannpháirtithe go gcaithfear a aithint go bhfuil forbairt de dhíth ón earnáil agus ón phobal le go n-aontaítear agus go dtuigtear níos fearr 'fís' agus fealsúnacht an Ghaeloideachais. Aithníodh go bhfuil laige chomh maith in infrastruchtúr na hearnála, chomh maith le bearnaí sa tsoláthar; tá easpa múinteoirí ann agus ualach mór oibre. Faoi láthair, bíonn éagsúlacht in éiteas na scoileanna – scoileanna Caitliceacha, scoileanna Gaeilge, scoileanna dátheangacha srl. Rinneadh plé ar chomh doiligh is atá sé éiteas amháin a aimsiú ach, agus sin déanta, moladh gur chóir do phlean forbartha na scoile an fhís a leagan amach i bpolasaí scríofa. Dhéanfaidh sé seo an earnáil a shainmhíniú ar bhealach níos soiléire, agus bheadh sé níos fusa do mhúinteoirí feidhmiú go héifeachtach taobh istigh de struchtúr aontaithe. Ag an am

chéanna, aithníodh go bhfuil an earnáil óg agus go dtiocfadh le hathruithe suntasacha teacht chun tosaigh le glúin nua.

Aithníodh go raibh sé ríthábhachtach daltaí a mholadh chomh maith lena a gceartú, le go mbeadh ‘ceartú dearfach’ ann. Rinneadh idirdhealú áfach idir ‘moladh’ agus ‘plámás’. Caithfear an t-eolas a chur ar fáil agus na céimeanna don fhoghlaim neamhspleách a leagan amach go soiléir. Aontaíodh, chomh maith leis na huirlisí feabhsaithe, go bhfuil gá le freagracht a thabhairt do na daoine féin feabhas a chur a gcuid scileanna teanga, mar nach féidir an obair a dhéanamh ar a son. .

Thagair cuid de na daoine don nuatheicneolaíocht agus d’aipeanna mar uirlisí foghlama, agus go ginearálta, aontaíodh go raibh fás ar úsáid na teanga ar na meáin shóisialta. Chomh maith, shíl rannpháirtithe áirithe go raibh amhráin, scéalaíocht agus cultúr na teanga úsáideach mar mhodh teagaisc agus go raibh éagsúlacht de dhíth le suim sa rang a choinneáil beo.

Thagair rannpháirtithe don ghá le foghlaim leanúnach agus le ranganna cruinnis agus saibhris san áit oibre dóibh siúd atá líofa sa teanga (múinteoirí san áireamh), chomh maith le sainranganna do dhaoine agus iad ag dul isteach i bpost nua nó ag plé le hathrú saoil, tuismitheoirí nua srl. Dúradh go raibh luach le teastais, le ‘réalta’ agus le cáilíochtaí le feabhas an duine a aithint. Moladh gur cheart ranganna nó imeachtaí do thuismitheoirí a thairiscint le linn an lae. Ba chóir chomh maith tumsheirbhísí agus réimse leathan imeachtaí a chur ar fáil i gceantair éagsúla sa chathair — cúrsaí cócaireachta, grianghrafadóireacht, teicneolaíocht, ceol, ealaín srl trí mheán na Gaeilge. D’aithin na rannpháirtithe go bhfuil codarsnacht idir táillí réadúla, a chlúdaíonn fíor chostais na ranganna nó an chúrsa, a lorg ó dhaoine nach bhfuil i gcónaí táinte acu, agus an táirge a dhíol faoina luach – rud ann féin a imríonn tionchar díobhálach ar dhearcadh na ndaoine in amanna. Má bhíonn praghas ró-íseal ar tháirge, ní i gcónaí go mbíonn meas ceart ag daoine as.

An bhfuil samplaí den dea-chleachtas ann a chuidíonn sna cásanna seo?

Chuir muid ceist ar na rannpháirtithe an raibh samplaí den dea-chleachtas ar eolas acu. Suimiúil go leor, luadh go simplí ‘An Bhreatain Bheag’ mar dheashampla, mar gheall ar an eolas forleathan atá sa tír faoin Bhreatnais. Lena chois sin, tagraíodh don scéim ‘Late full immersion’ nuair a thugtar deis do dhaltáí ó scoileanna Béarla ceithre mhí a chaitheamh i scéim tumoideachais, ina bhfuil béim ar an teanga a úsáidtear sa ghnáthshaol, trí chocaireacht agus gníomhartha eile.

Ina dhiaidh sin, thagair daoine do roinnt de bhunchlocha fhás na Gaeilge le blianta beaga anuas, leithéidí an tumoideachais, an feachtas ar son Acht na Gaeilge sna sé chontae, bunú cumainn agus clubanna óige, forbairt ar aipeanna srl. Maidir le cur chuige, tagraíodh d’obair atá fréamhaithe i luachanna forbairt pobail; don fhoghlaim i ngrúpaí beaga ina bhfuil ról éigin ag gach duine; agus don phrofléitheoireacht agus don eagarthóireacht ar ábhar scríofa atá le poibliú.

Chomh maith leis sin, tagraíodh do thionscadail ar leith: iar-mhicléinn mar laochra agus mar cheannasaithe teanga; scéimeanna piaroideachais; ceardlanna ar chruinneas agus ar shaibhreas na teanga a cuireadh ar fáil do chraoltóirí ag an BBC; obair mhór na ngrúpaí Gaeilge ar fad agus iad ag reáchtáil imeachtaí agus ranganna, an Cumann Cluain Ard go háirithe; an grúpa ‘rap’ Kneecap agus TG Lorgáin; Laochra Loch Lao, cumann de chuid an CLG a reáchtáiltear trí mheán na Gaeilge; an comhlacht foilsitheoireachta, An tSnáthaid Mhór; agus an t-aonach oibre do dhaltáí Choláiste Feirste, chomh maith le réimse leathan d’imeachtaí eile dírithe ar phobal na teanga.

An bhfuil gníomhartha eile de dhíth? Cad iad agus cé chomh tábhachtach is atá sé tabhairt faoi na gníomhartha seo?

Nuair a cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cé chomh tábhachtach is a bhí sé tabhairt faoi gníomhartha a thacódh leo siúd a bhí i mbaol cúl a thabhairt leis an teanga, dúradh gur cheart go mbeadh an cheist sin ag barr liosta na

dtosaíochtaí do phobal na Gaeilge. Mar a mhínigh duine amháin, bíonn muid dírithe ar an teanga a theagasc agus ‘a thabhairt’ do dhaoine, ach cad is fiú sin mura n-úsáideann siad í, ceal muiníne

Ag gach cruinniú fócasghrúpa, tháinig an tuairim chun cinn go raibh gá le stádas na teanga a athrú, dí-pholaitiú agus normalú a dhéanamh uirthi agus cur le feiceálacht na teanga trí Acht Gaeilge cuimsitheach láidir. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, ‘nuair a chluintear an teanga, labhraítear an teanga’, agus bhí an dearcadh forleathan go dtiocfadh feabhas ar gach gné de cheist na teanga de réir mar a d’fhásfadh an pobal.

Ba léir bród na rannpháirtithe as a bhfuil bainte amach ag pobal na Gaeilge le blianta beaga anuas. Aithníodh go bhfuil bearnaí sa tsoláthar a chuireann grúpaí Gaeilge ar fáil, agus laigí in amanna sa chur chuige, ach go ginearálta, tá daoine den tuairim nach mbeadh ann do phobal na Gaeilge gan an obair mhaslach atá curtha isteach ag an phobal féin. Mhóthaigh a lán daoine go mbíonn ar phobal na Gaeilge dualgais a ghlacadh orthu féin nach bhfuil siad freagrach astu, agus nuair nach bhfuil acmhainní acu. Chruthaigh pobal na Gaeilge timpeallacht agus ‘tearmainn’ lán-Ghaeilge agus cé gur éacht é sin, dúirt daoine go caithfear a admháil gur míbhuntáiste ollmhór atá ann, gan amhras, freagrachtaí chomh tromchúiseacha sin a bheith ar phobal beag nach bhfuil go leor cumhachta aige le tosca na teanga a athrú ó bhun go barr thar oíche. Thuig lucht na bhfócasghrúpaí chomh maith go mbíonn brú ar an phobal gníomhú amháin is dá mbeadh gach taithí agus gach leibhéal saineolais riachtanach acu féin leis na dualgais sin a chomhlíonadh, fiú agus é soiléir nach amhlaidh atá sé.

Agus sin ráite, thagair go leor daoine don ghá atá le ‘fís’ agus le ‘spreagadh’ chun an obair a choinneáil ag dul agus chun an tairbhe is mó a bhaint asti. Ar an taobh eile den scéal, agus ní nach ionadh, is cúis feirge atá ann nach dtig le lucht labhartha na teanga a bheith ag brath níos minice ar thacaíocht réadúil ón stát, ó áisíneachtaí ba chóir a bheith cumasach, éifeachtach. Dar lena lán daoine, bheadh creat teanga sa tsaol phoiblí ina chuidiú mór ó thaobh obair an phobail a chur chun cinn.

Rinneadh go leor plé ag na fócasghrúpaí ar thábhacht na ranganna oíche, na dianchúrsaí teanga, na ciorcail chomhrá agus an réimse leathan d'imeachtaí Gaeilge atá á reáchtáil ag grúpaí beaga ar an talamh. Go fóill, mhothaigh daoine gur cheart go mbeadh tuilleadh imeachtaí ann, gur cheart imeachtaí a bheith ar fáil 'ag bun na sráide', agus gur cheart imeachtaí ar leith a dhíriú ar aoisghrúpaí nó ar shuimghrúpaí ar leith, amhail teaghlaigh, tuismitheoirí srl. Chomh maith leis sin, bheadh gá le comhordú níos mó idir ghrúpaí, le heolas soiléir a chur ar fáil d'fhoghlaimoírí nó do dhaoine óga i scoileanna Béarla maidir le cad é mar is féidir deiseanna labhartha agus comhludair a thapú. Ar ndóigh, i dtaca le cuid de na gníomhartha seo, bheadh níos mó maoinithe de dhíth ar eagrais, agus thagair cuid de na rannpháirtithe do dheacrachtaí ar leith in earnáil na n-ealaíon agus na drámaíochta Gaeilge, ceal airgid. Tuigtear go gcaithfear luach ar airgead a bheith chun tosaigh, ach rinneadh an pointe nach féidir imeachtaí cultúrtha ar ardchaighdeán a reáchtáil ar an leathphingin. Ní féidir, ar dheontas suarach míréadúil, dráma a chur ar an ardán mar shampla, ina bhfuil sé charachtar agus meitheal de bhainisteoirí stáitse agus de theicneoirí de dhíth. Sa chás sin, imríonn ganntanas maoinithe tionchar díobhálach ar nádúr bunúsach na ndrámaí is féidir a léiriú, rud a théann i bhfeidhm ar an lucht féachana, ar obair le scoileanna agus le grúpaí Gaeilge, ar scríbhneoirí, ar aisteoirí srl. Ar a bharr sin, thiocfadh le ganntanas airgid don mhargaíocht srl cur le steiréitíopaí faoi chaighdeán agus faoi thábhacht na n-ealaíon Gaeilge i measc an phobal i gcoitinne.

Tagraíodh sna fócasghrúpaí don neamart a dhéanann an mórfhobal go minic i dtábhacht an taighde agus an tsaineolais i dtaca leis an dátheangachas de. Mhothaigh na rannpháirtithe nach mbíonn go leor tuisceana ná suime ag maoinitheoirí ná ag polaiteoirí i dtaighde in amanna agus nach n-aithnítear an saineolas atá bailithe ag roinnt eagrais Ghaeilge thar thréimhse fhada ama. Leag na fócasghrúpaí uilig béim ar an tábhacht atá le meas a thaispeáint do thaighde fiúntach agus do shaineolas, go háirithe agus an teangeolaíocht go fóill ina disciplín measartha nua. Bheadh buiséad de dhíth le tosaíocht cheart a dhéanamh den taighde a bhfuil géarghá leis ag an am i láthair. Aithnítear go bhfuil ceachtanna ar fáil ó thíortha eile, ach dúirt na rannpháirtithe go bhfuil

sainghnéithe ag baint le hathbheochan na teanga abhus agus go bhfuil sé riachtanach níos mó staidéir a dhéanamh orthu. Ar na gnéithe sin, thagair siad d'fhorbairt teangeolaíochta i dtimpeallacht uirbeach; do riachtanais na dtuismitheoirí nach cainteoirí dúchais iad féin agus iad ag tógáil páistí le Gaeilge; do na dúshláin atá roimh mhúinteoirí agus roimh pháistí mar aon sa Ghaeloideachas mura bhfuil an Ghaeilge mar theanga an teaghlaigh; do thraenáil do mhúinteoirí agus tacaíocht don pháiste dhátheangach a bhfuil sainriachtanais oideachais air / uirthi.

Mhóthaigh a lán daoine go raibh gá le pleanáil teanga éifeachtach, ag gach leibhéal agus i ngach réimse saoil. Bhí díomá ar chuid de na rannpháirtithe gur go plámásach a phléitear le coincheap na pleanála teanga in amanna, in áit fíorphleanáil teanga a chur chun cinn . Cé go bhfuil caint ann faoi 'pleananna teanga' do líon beag de cheantair fud fad na tíre faoi láthair, ní raibh na rannpháirtithe den tuairim go raibh dáiríreach ná tuiscint cheart taobh thiar den scéim. Shíl rannpháirtithe go mbeadh ról le himirt ag réimse leathan de dhreamanna, Comhairle Bhéal Feirste san áireamh. Agus Oifigeach Gaeilge nuacheaptha sa Chomhairle anois, dúradh gur cheart pleanáil chuí teanga a dhéanamh fud fad na cathrach, i gcomhar le grúpaí Gaeilge. Síleadh gur chóir daoine a chleachtann an Ghaeilge go rialta agus daoine a bhfuil Gaeilge acu ach a bhfuil gréasán tacaíochta de dhíth orthu a chur san áireamh sa phleanáil teanga i dtreo deiseanna labhartha neamhfhoirmiúla a chur ar fáil dóibh. Síleadh fosta gur cheart díriú ar fhás a chothú i ngach ceantar den chathair agus taobh amuigh di, agus deireadh a chur le 'geiteonna Gaeilge'. Luadh go rialta le linn phlé na bhfócasgrúpaí go raibh sé tábhachtach a bheith in ann an teanga a úsáid i ngach gné den tsaol agus i ngach áit.

Tagraíodh arís is arís eile don ghá atá le níos mó post le Gaeilge a bheith ar fáil, agus gur cheart spreagadh a thabhairt do chomhlachtaí, do ranna stáit agus do ghnónna fáilte phoiblí a chur roimh úsáid na teanga san áit oibre. Ar na fiontair rathúla ó thaobh cruthú post de, thagair rannpháirtithe don bhorradh faoi scéimeanna agus faoi thograí cúram leanaí. Aithníodh, áfach, go bhfuil gá le níos mó soláthair le freastal ar éileamh, agus go háirithe i gceantair nach bhfuil ann don tseirbhís faoi láthair.

Shíl na rannpháirtithe gurbh fhéidir níos mó a dhéanamh le feabhas a chur ar íomhá na Gaeilge sa phobal i gcoitinne, agus ceistíodh an raibh straitéis chuige sin ag Foras na Gaeilge. Luadh roinnt uaireanta go raibh feachtas leanúnach de dhíth a tharraingeodh aird ar bhuntáistí na Gaeilge ó thaobh sláinte de, agus ar bhuanna an dátheangachais. Dúirt daoine go raibh tábhacht leis seo i bhfianaise naimhdeas don teanga sa tsochaí seo, agus de bhrí fosta go mbíonn infheistíocht mhór ama agus fuinnimh i gceist ó thaobh daoine atá ag foghlaim na teanga nó á húsáid sa tsaol phoiblí. Bhí roinnt daoine den tuairim go raibh an dearcadh go fóill ann nach bhfuil sa Ghaeilge ach ‘caitheamh aimsire’, agus gur chóir eolas dearfach a roinnt leis an mhórphobal ar bhonn córasach leis seo a bhréagnú.

Thagair rannpháirtithe áirithe do na bearnaí atá ann go fóill i dtaca le hábhair léitheoireachta de. Luadh leabhair d’aoisghrúpaí éagsúla, ach chomh maith leis sin, an ganntanas irisí de chineálacha difriúla, irisí sainábhair san áireamh, (grianghrafadóireacht, ríomhaireacht, cnocadóireacht agus sléibhteoireacht, garraíodóireacht srl). Rinneadh an pointe go gcuideodh siad siúd le téarmaíocht chomh maith.

Dar leis na rannpháirtithe, tá go leor déanta ag pobal na Gaeilge ach cuid mhaith go fóill le déanamh. Dúradh nár chóir dúbailt a dhéanamh, agus cáineadh cur chuige Fhoras na Gaeilge agus iad ag tacú le líon beag de ‘cheanneagrais’ atá anois ag déanamh aithris ar obair na ngrúpaí ó thuaidh. Bhí sé soiléir go raibh rannpháirtithe den bharúil go raibh sé den tábhacht go mbeadh na grúpaí Gaeilge neamhspleách ar mhaoinitheoirí agus ar pholaiteoirí, agus go raibh bród orthu as an dóigh a ndéanann siad úinéireacht an phobail ar a dtograí a chothú agus a chosaint. Ba léir gur shíl na fócasghrúpaí ar fad go mbeadh ar phobal na Gaeilge a chuid neamhspleáchais féin a chosaint agus a chur chun cinn ar bhonn leanúnach as seo amach, cé nach raibh siad dall ar na dúshláin.

Agus na rannpháirtithe ó earnáil an oideachais ag plé na gceisteanna seo, labhair siad ar chomhthéacs agus ar chuspóirí an Ghaeloideachais agus ar an

ghá atá le forbairt a dhéanamh ar fhís agus ar mhisean na hearnála. Dar le cuid de na rannpháirtithe, tá géarghá le tuilleadh díospóireachta ar na cúrsaí seo le comhaontuithe a chothú agus a spreagadh idir scoileanna san earnáil. Dúradh go raibh easpa pleanála teanga ann go ginearálta, agus idir leibhéal dhifriúla i scoileanna. Aontaíodh go bhfuil ról an mhúinteora lárnach sa chóras mar is iad na múinteoirí ‘eiseamláirí na teanga’ agus gur chóir go mbeadh béim leanúnach ar chur le feabhas na múinteoirí dá réir. Chomh maith le ról ar leith na múinteoirí, tá tábhacht le ról ceannasaíochta dhaltaí an Ghaeloideachais. Aithníodh go raibh obair ar siúl, ach moladh gur chóir don Roinn Oideachais níos mó a dhéanamh le scoileanna na múinteoirí a fhorbairt ar bhonn leanúnach. Dúirt roinnt de na rannpháirtithe go raibh ‘dearcadh’ na ndaoine thar a bheith tábhachtach. Dar leo, go bhfuil triantán ann – an t-oideachas, deiseanna labhartha agus ‘dearcadh’ – agus in amanna, dar le roinnt rannpháirtithe, bíonn dearcadh fadradharcach ‘aislingeach’ ar iarraidh. Tá sé soiléir go mbaineann an chuid seo den phlé le comhthéacs níos leithne .i. le féiniúlacht agus le fíís phobal na Gaeilge.

Thar a bheith sásta a bhí na rannpháirtithe faoi na héachtaí uilig atá bainte amach ó bunaíodh an Gaeiloideachas i gcathair Bhéal Feirste 45 bliain ó shin, ach d’aithin siad chomh maith go mbíonn sciar suntasach de dhaoine óga nach n-úsáideann an Ghaeilge atá acu níos mó uair amháin a imíonn siad ó na ranganna agus ó na scoileanna. Dúirt rannpháirtí amháin go raibh pobal na Gaeilge ‘ag líonadh buicéad gan tóin’ agus mar sin, go raibh sé riachtanach dúshláin insroichte a leagan amach sa tseomra ranga.

B’fhéidir mar gheall ar an tuiscint seo ar na dúshláin atá roimh an phobal, gurb iomaí moladh a tháinig chun cinn le linn na bhfócasghrúpaí. Ar na moltaí a bhí ann ó thaobh an Ghaeloideachais de, bhí:

- plean a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil caighdeán theagasc na Gaeilge sna scoileanna chomh hard agus is féidir
- tumchlár oideachais d’ Eochairchéim 2-3 a chur i bhfeidhm, agus béim ar an teanga shóisialta

- infheistíocht shuntasach (luadh £12 mhiliún) a dhéanamh i gclár traenála - Tumoideachas do Mhúinteoirí – agus ionadaithe a chur isteach sna scoileanna agus an traenáil seo ar bun
- scéim earcaíochta de dhíth le sármhúinteoirí / scothmhúinteoirí a mhealladh
- infheistíocht sa taighde, mar shampla, caithfear an obair atá ar siúl le ‘creat teanga’ a leagan síos do gach leibhéal a chur i gcrích go práinneach; taighde ar dhearcadh na ndaltaí sinsearacha san earnáil; comhordú ar na háiseanna atá ar fáil srl
- tacaíocht maoinithe a thabhairt do ghrúpaí Gaeilge atá ag réachtáil cláir thacaíochta – mar shampla léachtóirí / scríbhneoirí / aisteoirí – sna scoileanna le caighdeán na Gaeilge a ardú
- teicneolaíocht – nascanna le Gaeltachtaí ar bhonn rialta.
- comhoibriú le soláthraithe eile oideachais agus oiliúna le cáilíochtaí agus teastais aitheanta (coláistí, boird, ollscoileanna) a chruthú – mar shampla, cáilíochtaí in obair forbartha leis an phobalteanga, le scoileanna srl

Maidir le scoileanna Béarla, shíl na rannpháirtithe gur cheart feachtas a thosú faoi na hábhair STEM, le go mbeadh aitheantas ar luach na dteangacha go ginearálta i scoileanna Béarla. Chomh maith leis sin, moladh gur cheart cur leis an obair tógála muiníne agus tuilleadh nascanna a chruthú idir scoileanna Béarla agus scoileanna Gaeilge.

Cé ba chóir tabhairt faoi na gníomhartha seo?

Fuarthas roinnt freagraí suimiúla ar an cheist seo ó na fócasghrúpa. Mhóthaigh a lán daoine go mbeadh ar phobal na Gaeilge réimse leathan de ghníomhartha dearfacha a chur i gcrích iad féin – teacht ar fhís aontaithe agus ar chuspóirí aontaithe don phobal, forbairt a dhéanamh ar earnáil an Ghaeloideachais, níos mó imeachtaí a réachtáil srl. Ag an am chéanna, aithníodh go raibh feabhas de dhíth, agus go mbeadh gá le planáil shaineolach teanga, chomh maith le

reachtaíocht láidir teanga le nach dtitfeadh na dualgais uilig ar an phobal níos mó. Dúradh gur cheart don fhorbairt teacht ón bharr anuas agus ón bhun aníos, is é sin, smaointe agus fíis ag teacht ón phobal agus tacaíocht ag teacht ó stát ‘báúil’. Thagair na rannpháirtithe don ghá atá le cur le líon na bhfíor-chomhpháirtíochtaí idir pobal na Gaeilge agus ranna stáit. Chreid siad go mbeadh gníomhartha de dhíth ó gach dream leis an teanga a chur chun cinn mar ba chóir.

Cuireadh in iúl chomh maith go raibh gá le háisíneacht éifeachtach stáit le roinnt de na gníomhartha a stiúradh. Agus sin ráite, bhí go leor den bharúil nár chóir, faoi láthair, an obair sin a chur i lámha Fhoras na Gaeilge. Tagraíodh roinnt uaireanta do mhíshásamh an phobail maidir le cur chuige agus easpa trédhearcachta an Fhorais; d’easpa straitéise an Fhorais, agus don easpa caidrimh atá acu leis an phobal. Dúirt rannpháirtithe gur chóir ról a bheith ag Foras na Gaeilge, ach léiríodh buarthaí nach mbeadh an Foras inchurtha leis an obair a chur i gcrích. Dar le roinnt daoine, fágann sin an pobal gan áisíneacht stáit Ghaeilge éifeachtach, agus mhothaigh daoine eile gur bearna ollmhór a bhí ansin. Dúirt líon suntasach de na rannpháirtithe nach mbíonn an Foras ag feidhmiú mar is ceart. Fadhb é, dar leo, gur príomh-mhaoinitheoir na Gaeilge atá san Fhoras, agus mhothaigh a lán daoine go gcuideodh sé go mór dá mbeadh níos mó foinsí maoinithe á gcruthú, go háirithe do ghrúpaí sna sé chontae, áit nach bhfuil reachtaíocht Ghaeilge ann agus nach dtig brath ar an stát le dualgais a chomhlíonadh. Ach rinneadh an pointe fosta go bhfaigheann Foras na Gaeilge céatadán dá chuid maoinithe ó na 26 chontae agus céatadán níos lú ó na 6 chontae. Bhíodhas den tuairim nach raibh an maoiniú sin á roinnt mar ba chóir agus go raibh meon críochdheighl teach le mothú in amanna i gcinntí an Fhorais.

Mhaígh líon sonracha de na rannpháirtithe go raibh airgead á chur amú ag na ‘ceanneagraíochtaí’¹ agus dúbailt á déanamh ag roinnt díobh ar obair a bhí ag dul ar aghaidh cheana féin ag grúpaí eile. Fiafraíodh an raibh Foras na Gaeilge

¹ In 2014, chuir Foras na Gaeilge deireadh le bunmhaoiniú 19 n-eagras fud fad na tíre, 7 n-eagras a bhí lonnaithe sna sé chonta ina measc. Cheap Foras na Gaeilge 6 ‘ceanneagras’ le réimsí éagsúla oibre a dhéanamh, iad uilig le príomhoifigí sna 26 chontae agus le stiúrthóirí ón deisceart.

agus na ceanneagraíochtaí ag díriú go leor airde ar na 6 chontae. Mhaígh duine amháin nach raibh ach £1 mhilliún ag Foras na Gaeilge don scéim forbartha pobal agus le 26 ghrúpa fud fad na tíre ar lorg maoinithe, go raibh nós leanúnach ag Foras na Gaeilge ‘airgead a bhaint ó Mhánas le Murchadh a íoc’. Maidir le hionchur ón phobal agus bheith ag comhoibriú leis an phobal, mhothaigh a lán nach raibh i bpróisis an Fhorais ach ‘ticbhosca’ agus nach raibh straitéis aige d’fhorbairt an Ghaeloideachais ná don ardú feasachta, ná straitéis maidir le tuilleadh eolais ar an Ghaeilge a scaipeadh ar phobal an Bhéarla. Moladh gur cheart do leithéidí Fhoras na Gaeilge agus Chomhairle na Gaelscolaíochta tosaíocht a dhéanamh den ardú feasachta agus measa ar an teanga. Arís is áris eile, áfach, léiríodh frustrachas go raibh sainról i bprionsabal ag áisíneachtaí, leithéidí Fhoras na Gaeilge agus Chomhairle na Gaelscolaíochta, CCEA srl, ach go raibh feabhas le cur ar á gcur i bhfeidhm.

Bhí daoine den tuairim go raibh ról le himirt ag ollscoileanna agus ag coláistí 3ú leibhéal, ag scoileanna Béarla agus Gaeilge, ag Cumann Lúthchleas Gael, agus ag na meáin chumarsáide.

Ó thaobh dhualgais an stáit de, mhothaigh na rannpháirtithe gur cheart do gach roinn rialtais agus áisíneacht stáit ról a imirt. Dúirt rannpháirtí amháin go láidir nár chóir ról a bheith ag polaiteoirí. Dar leis an duine sin, ba chóir go mbeadh an Ghaeilge ina ceist neodrach agus ní ina ceist pholaitiúil.

Cé na hacmhainní a bheadh de dhíth leis na gníomhartha seo a chur i gcrích?

Bhí tuairimí éagsúla ar an cheist seo, ag brath b’fhéidir ar chúinsí na n-eagraíochtaí a raibh baint ag na rannpháirtithe leo. Dúirt cuid acu go raibh maoiniú de dhíth go géar, agus gur cheart foinsí éagsúla maoinithe a bheith ann don teanga. Is cosúil nach dtuigeann maoinitheoirí i gcónaí an luach breise a thagann le hobair Ghaeilge, agus is minic a bhíonn ar iarrthóirí ar mhaoiniú a bheag a dhéanamh de thaobh na teanga de agus iad ag déanamh cur síos ar thionscadail agus ar fhís na heagraíochta. Mar a tuairiscíodh roimhe, i réimsí éagsúla, mar shampla, na healaíona agus drámaíocht na Gaeilge, dúirt

rannpháirtithe go mbíonn sé doiligh maoiniú réadúil a fháil, agus cuireann sé seo teorainn ar bhonn leanúnach leis an obair. Cháin rannpháirtithe chomh maith an maorlathas a théann in amanna le próisis iarratais, go háirithe do dheontais bheaga, agus dúirt nach mbíonn na hacmhainní daonna ag grúpaí Gaeilge le maoiniú a thiomsú. Mhaígh siad go raibh maoiniú píolótach de dhíth le tionscadail nuálacha a chur ar bun agus taighde ceart a dhéanamh lena meas.

Arís is arís eile, thagair na rannpháirtithe do thuilleadh poist lánaimseartha do phobal na Gaeilge. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, 'bíonn sé doiligh do líofacht a choinneáil mura gcluineann tú ach Béarla an lá ar fad, lá i ndiaidh lae.' Ní raibh sé soiléir, áfach, cé a chuirfeadh na poist seo ar fáil, ach is léir go mbeadh tionchar nach beag ag reachtaíocht teanga ar an cheist nó samhlaítear go mbeadh gá le tuilleadh Gael a earcú le seirbhísí atá riachtanach ag an am i láthair a chur ar fáil as seo amach. .

Thagair rannpháirtithe chomh maith do ranganna cruinnis san áit oibre, agus do chúrsaí eile dírithe go háirithe ar shaol na ndaoine. Shíl siad go mbeadh acmhainní nua-aimseartha iontach úsáideach, ach le bogearraí a fhorbairt, bheadh infheistíocht stáit de dhíth agus bheadh ar an stát gníomhú. Shíl a lán daoine go raibh níos mó imeachtaí ag leibhéal áitiúil de dhíth agus áiteanna 'teacht le chéile' – caifelanna, lárionaid srl agus arís bheadh maoiniú de dhíth leis na cuspóirí seo a chur i gcrích. Shíl na rannpháirtithe go raibh dul chun cinn déanta go pointe le blianta beaga anuas agus roinnt maoiniú caipitiúil ar fáil ón Chiste Infheistíochta Gaeilge, ach nach raibh go leor maoinithe ann le foireann a fhostú ná le tacú le cláir imeachtaí agus tograí taobh istigh de na foirgnimh nua féin.

Ag an am ceanna, cheistigh roinnt rannpháirtithe cé acu a bhí acmhainní breise de dhíth nó nach raibh. Dar le cuid acu, tá acmhainní ann cheana féin ach ní bhaintear an úsáid cheart astu. Mhothaigh roinnt daoine gur féidir na hacmhainní atá againn a úsáid níos mó agus ar bhealach níos fearr. Mar shampla de seo, luadh an chomharthaíocht ar bhusanna nó in otharlanna agus in áiteanna eile. Dar leis an rannpháirtí, ní busanna ná otharlanna nua atá de

dhíth – ach comharthaí dátheangacha istigh iontu, nó fógraí béil dátheangacha in áras na mbus nó sa stáisiún traenach. Ba chóir go raibh comharthaíocht fhorleathan ann sa tsaol phoiblí, in oifigí dochtúra, i siopaí srl agus i scoileanna Béarla. Arís, bheadh an reachtaíocht chúí iontach tábhachtach leis sin a bhaint amach ar bhonn córasach, ach thiocfadh go fóill níos mó a dhéanamh faoi chomharthaíocht phoiblí sa Ghaeilge dá mbeadh an toil chuige sin ann.

Cuireadh an tuairim chun tosaigh chomh maith go bhfuil na scoileanna mar acmhainn againn, agus b'fhéidir gur cheart machnamh a dhéanamh faoin bhealach is fearr le húsáid a bhaint astu. Mar shampla, dá mbeadh daltaí scoile ag dul ar cuairt chuig gnónna go rialta, thiocfadh leis tionchar a imirt ar fhostóirí ar bhealach níos éifeachtaí ná cuireadh a thabhairt dóibh dul chuig aonach oibre uair sa bhliain. I gcás na hamharclannaíochta, mar a tuairiscíodh áit eile sa tuairisc seo, maítear go bhfuil ganntanas airgid ann, ach go fóill, aithníodh gur cheart níos mó ceangail a bheith idir an líon beag de chompántais agus scoileanna. Leis seo a fhorbairt mar ba chóir, bheadh maoiniú breise de dhíth, agus faraor, ag an am i láthair, níl sé ar fáil.

Bhí barúil ann go bhfuil gá le saineolas agus le meas ar oiliúint, mar shampla d'oibríthe óige in earnáil na Gaelscolaíochta. Go ginearálta, shíl daoine go raibh gá le cumas an phobail a thógáil trí oiliúint le go dtiocfadh níos mó sainseirbhísí a fhorbairt: céad cabhrach, spórt, sláinte srl. Aontaíodh ar a bharr sin go raibh géarghá le níos mó taighde, le cur chuige níos straitéisí, fréamhaithe i mbunphrionsabail na pleanála teanga, agus é déanta go trédhearcach, éifeachtach ag daoine le saineolas aitheanta. Dúradh gur cheart pleanáil a dhéanamh bunaithe ar pholasaithe, agus polasaithe a fhorbairt de réir na fianaise.

Chreid daoine go bhfuil ardú feasachta de dhíth ar chomhairleoirí cathrach agus ar oibríthe sna comhairlí maidir lena ndualgais i leith phobal na Gaeilge. Faoi láthair is é an pobal féin atá freagrach as gach gné den tsaol a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus tá deis anois ann agus Oifigeach Gaeilge ceaptha ag Comhairle Bhéal Feirste comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt.

Cé na hacmhainní breise a bheadh de dhíth agus cá has a dtiocfadh siad ?

Luaigh líon ard de rannpháirtithe gur chóir don stát íoc as na gníomhartha seo trí mheán na gcomhairlí, na ranna stáit, agus na soláthraithe seirbhísí. Mhaígh rannpháirtí gur cheart do POBAL taighde a dhéanamh ar na heagraíochta stáit a bhfuil sé de chúram orthu seirbhísí a chur ar fáil do phobal na Gaeilge agus iad a spreagadh le sciar dá gcuid maoinithe a chur ar leataobh leis na seirbhísí seo a sholáthar agus le hobair eile Ghaeilge a dhéanamh.

Aontaíodh go raibh bealaí úra de dhíth le hairgead a thiomsú do phobal na Gaeilge. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, i mBéal Feirste amháin, bheadh thar £1 mhilliún de dhíth in aghaidh na bliana lena bhfuil againn a choinneáil.

Pointí eile agus moltaí

Is iomaí pointe a rinneadh le linn an phlé ghinearálta ag deireadh chruinnithe na bhfócasghrúpaí. Cuireadh barúil chun cinn go láidir go bhfuil buanna ag pobal na Gaeilge agus gur cheart a bhfuil bainte amach againn a aithint agus a cheiliúradh. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, ‘Níl rud ar bith le cruthú againn – bímis muiníneach asainn féin.’

Thuig na rannpháirtithe an gá atá le cur le líon na ndaoine atá líofa sa Ghaeilge, trí mhuintir a ardú agus an iliomad deiseanna cleachtaidh a bheith ar fáil i dtimpeallacht Ghaeilge. Arís, thagair daoine don ghá atá le níos mó post le Gaeilge le cuidiú leis na daoine atá ag teacht isteach san aonach oibre le scileanna teanga, agus ní amháin sin ach go mbeadh sé de chumas ag na hearnálacha éagsúla níos mó de na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil trí Ghaeilge. Mothaíodh chomh maith go mbeadh sé ina chuidiú dá mbeadh polasaithe teanga ag na heagrais Ghaeilge agus ag scoileanna Gaeilge féin agus iad ag reáchtáil imeachtaí srl, nó ag fostú foireann measartha mór. Tá ceannasaíocht agus spreagadh de dhíth le go mbeidh an Ghaeilge mar chéad teanga na cumarsáide i ngnónna, i scoileanna agus sna heagrais Ghaeilge ar fad. Tuigtear go bhfuil sé tábhachtach daoine a mhealladh isteach ón chomharsanacht le heolas agus le tuiscint ar an teanga a scaipeadh ar an

mhórphobal Béarla, ach caithfear freastal ar phobal na Gaeilge chomh maith. Tá meá chothrom le baint amach idir an dá chuspóir dhifriúla sin.

Maidir le foghlaim na Gaeilge, maíodh gurbh fhiú béim a chur ar acmhainní ar líne mar go dtig le daoine cleachtadh / foghlaim ina gcuid ama féin ag an tús. Ansin, de réir a chéile, ba chóir go dtógfadh sé seo muinín s'acu le go mbeadh siad in inmhe dul amach agus an teanga a úsáid.

Tá comhoibriú idir eagrais iontach tábhachtach agus caithfear é a chothú agus a spreagadh le nach mbíonn eagrais in iomaíocht le chéile, ná teannas faoi phearsantachtaí ag teacht chun tosaigh. Dar le rannpháirtí amháin, ba chóir dúinn daoine a mhealladh chuig saol na Gaeilge in áit iad a earcú, agus dá mbeadh feabhas ar gach gné dár saol sa teanga, thioctadh siad go nádúrtha.

Tátail an taighde

Léirítear sa taighde idir bhród agus réadúlacht maidir lena bhfuil bainte amach ag pobal na Gaeilge le blianta beaga anuas. Thagair beagnach gach duine don bhorradh suntasach faoi lion na nGael, agus dúirt gur chomhartha dearfach folláin é. Chreid na rannpháirtithe go dtiocfadh feabhas ar áit na teanga sa tsochaí seo mar gheall ar fhás phobal na Gaeilge. Ní nach ionadh é, áfach, nár chuir siad fiacail ann agus iad ag cáineadh easpa diongbháilteachta an stáit agus na n-earnálacha poiblí agus gnó. Dar leo go bhfuil faillí á déanamh go leanúnach i lucht labhartha na teanga agus nach mbeidh réiteach ann go reachtaíocht láidir chuimsitheach. Admhaíonn siad go bhfuil bearnaí sa tsoláthar a chuireann na grúpaí Gaeilge agus na Gaelscoileanna ar fáil faoi láthair, ach aithnítear chomh maith go mbíonn siad ag iompar ualach trom, a chuimsíonn roinnt mhaith freagrachtaí ba chóir don stát a chomhlíonadh.

Feictear go soiléir sa díospóireacht le linn chruinnithe na bhfócasgrúpaí go bhfuil cumas anailíseach ag na rannpháirtithe. D'aimsigh siad castacht na gceisteanna agus iad ag tomhas láidreachtaí agus laigí i dtaca le tógáil mhúinín na ndreamanna soghonta sa phobal, agus mhol siad gníomhartha idir phraiticiúil agus uailmhianach.

In amanna, ag tús na bhfócasghrúpaí, bhí an chosúlacht air go raibh mearbhall ar na rannpháirtithe faoi cén fáth a mbeadh an plé dírithe orthu siúd nach raibh muinín acu as a gcuid Gaeilge. D'éirigh sé soiléir go gasta áfach go raibh an cheist ag croílár na hoibre a bhí ar siúl ag gach duine agus taithí starógach acu uilig ar ghrúpaí ar leith de dhaoine nár lean leis an teanga a fhoghlaim nó a labhairt ag pointí éagsúla ina saol. In ainneoin an eolais phearsanta sin, ba léir na rannpháirtithe bheith ag díriú go príomha (ach chan go heisiach) orthu sin atá go fóill sa phróiseas foghlama – i ranganna oíche, nó sa chóras oideachais scoile. Agus iad ag aithint go raibh sé amhlaidh, dúirt sciar suntasach de dhaoine, arís is arís eile, nach féidir le pobal na Gaeilge gach rud a dhéanamh ag aon am amháin. D'aithin na hoideachasóirí go háirithe go mbeadh cur chuige domhain straitéiseach ina bhuntáiste d'earnálacha an Ghaeloideachais agus na Gaeloilíúna ar fad. Shíl siad gur cheart dá leithéid fíis, misean, curaclam, oiliúint na múinteoirí agus ábhair eile a chlúdach. Ba thábhachtaí gur aithin na rannpháirtithe le linn na ndíospóireachtaí gur chóir go mbeadh ceist na muiníne ag barr liosta na dtosaíochtaí – nó chomh cóngarach don bharr agus ab fhéidir, i bhfianaise ualach oibre na hearnála.

Dúirt fostóir amháin nár bhain ceist na muiníne le hiarrthóirí ar phoist ina chomhlacht, mar go raibh líofacht na Gaeilge ina chritéar riachtanach do gach post san eagraíocht. Suimiúil go leor, dúirt fostóir eile go raibh iontas ar iarrthóirí a fháil amach go mbeadh líofacht sa teanga ina fíorbhuntáiste sa phost, fiú agus iad ag cur iarratais isteach chuig eagrás Gaeilge. Shíl sé go raibh siad ag déanamh talamh slán dá líofacht, agus nár thuig siad go mbeadh luach leis sa tsaol taobh amuigh den scoil. Is féidir, chomh maith, sna cásanna sin, go mbaineann an difríocht i ndearcadh an dá fhostóir leis an chineál oibre a bhí i gceist – obair sna meáin chumarsáide Gaeilge sa chéad sampla, agus obair chúram leanaí sa dara ceann. I gcás an chúraim leanaí, thioctadh leis na hoibrithe i bprionsabal a bheith ag plé le páistí nach mbeadh Gaeilge ar bith acu – ag an tús, cibé. Bheadh taighde níos leithne úsáideach leis na ceisteanna sin faoi dhearcadh a chíoradh.

Thagair gach duine don ghá atá le níos mó post le Gaeilge, agus le comhlachtaí, ranna stáit agus eile a spreagadh le fáilte a chur roimh úsáid na teanga san áit oibre. Chomh maith le fáilteoirí le Gaeilge agus comharthaíocht Ghaeilge, moladh gur chóir ranganna, deiseanna labhartha agus cúrsaí cruinnis a chur ar fáil san áit oibre. Mhottaigh daoine go mbeadh ‘ceannasaithe teanga’, ‘laochra’ nó ‘piaroideachasóirí’ ina gcuidiú i ngach comhlúadar, le labhairt na Gaeilge a éascú agus a leathnú.

D’aontaigh na rannpháirtithe go bhfuil tábhacht le comhoibriú idir oideachasóirí agus grúpaí Gaeilge ar an talamh. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, ‘Glacann sé pobal iomlán le páiste a thógáil le Gaeilge’. Is léir go bhfuil géarghá le gníomhartha a chuidíonn le daoine a saol iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge, saol na hoibre, saol sóisialta agus saol an oideachais. Mhol daoine méid an chomhoibríthe atá ar siúl idir grúpaí Gaeilge faoi láthair, ach chreid gur buntáiste ollmhór a bheadh i bhfeachtas comhordaithe poiblíochta faoin bhealach is fearr do dhaoine cur le deiseanna labhartha. Chreid na rannpháirtithe ar fad go raibh gá le níos mó imeachtaí go ginearálta agus imeachtaí dírithe ar spriocgrúpaí ar leith. D’aithin siad chomh maith an tábhacht atá le himeachtaí áitiúla, agus le hócáidí labhartha na teanga a bheith ‘ar leac an dorais’.

Ní nach ionadh gur dhúirt na rannpháirtithe go bhfuil níos mó maoinithe de dhíth le clár imeachtaí agus seirbhísí eile a chur ar fáil. Chreid roinnt díobh, áfach, gur cheart chomh maith úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil, agus dá mbeadh comharthaíocht Ghaeilge níos forleithne, go gcuideodh sé sin go mór. Bhí sé soiléir gur shíl na rannpháirtithe go raibh gá le ‘hinstiúidí’ Gaeilge ag leibhéal an stáit, ach ní raibh an chuma air go raibh muinín ag na rannpháirtithe as Foras na Gaeilge, ar chúiseanna éagsúla. Mhaígh daoine gur cheart réimse níos mó de mhaoinitheoirí a bheith ann agus tuiscint níos fearr acu ar an obair atá ar siúl taobh istigh de phobal na Gaeilge.

Shíl na rannpháirtithe go raibh pleanáil teanga cheart riachtanach ag an pointe seo, agus i mBéal Feirste, go dtiocfadh ról ar leith a bheith ag an Chomhairle Cathrach lena chinntiú go mbeadh pleanáil teanga ar siúl i ngach ceantar.

Chuideodh tacaíocht phoiblí na Comhairle agus na bhforas stáit eile, le híomhá na Gaeilge a ardú agus a fheabhsú sa mhórphobal chomh maith. Dar le roinnt de na rannpháirtithe go bhfuil straitéis chuimsitheach de dhíth le tionchar a imirt ar an ghnáthdhuine.

Bhí plé cuimsitheach domhain ag na fócasghrúpaí maidir le hearnáil an Ghaeloideachais. Glacadh leis go raibh méid millteanach bainte amach thar am, agus gur cheart anois tabhairt faoi chéimeanna straitéiseacha eile leis an earnáil a fhorbairt don todhchaí. Chomh maith le hearnáil na Gaelscolaíochta, rinneadh plé ar theagasc na teanga i scoileanna Béarla agus ba léir go raibh na rannpháirtithe den tuairim go raibh tionchar díobhálach ag an chóras STEM ar an Ghaeilge, agus go deimhin, ar fhoghlaim na dteangacha go ginearálta.

Bhí bród ar na rannpháirtithe as an obair a bhí ar siúl acu, ach chreid siad nach i gcónaí a bhí go leor measa ag polaiteoirí, ag státseirbhísigh nó ag maoinitheoirí ar neamhspleáchas agus ar shaineolas phobal na Gaeilge. Ag cuid de na fócasghrúpaí, ceanglaíodh é seo leis a easpa béime a chuirtear in amanna ar thaighde. Shíl rannpháirtithe go raibh tábhacht ar leith leis, go háirithe agus disciplín na sochtheangeolaíochta go fóill measartha nua. Mhóthaigh na fócasghrúpaí go raibh taithí ag pobal na Gaeilge sna sé chontae agus ceachtanna foghlamtha acu a chuirfeadh go mór leis an eolas náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an dátheangachas agus ar an athbheochan teanga.

Moltaí

1. I bhfianaise a cuid freagrachtaí i dtaca le hacmhainniú an phobail, forbairt eacnamaíoch agus pleanáil pobail de, go ndéanfadh Comhairle Bhéal Feirste comhordú, le háisíneachtaí cuí eile, agus i gcomhar le pobal na Gaeilge, ar mhórthogra ‘Pleanáil Teanga na Gaeilge’ don chathair ar fad
2. Go n-oibreodh Oifigeach Gaeilge na Comhairle leis na páirtithe leasmhara le mórfheachtas poiblíochta a reáchtáil le feabhas a chur ar íomhá na Gaeilge sa mhórphobal

3. Go gcuirfí maoiniú breise ar fáil do shainghrúpaí Gaeilge atá ag reáchtáil imeachtaí ‘tógála muiníne’ agus foghlama do spriocghrúpaí ar leith sa phobal
4. Go gcuirfí maoiniú breise ar fáil do thaighde cuí ar na buntáistí a d’fhéadfadh an Ghaeilge a thabhairt do shaol na cathrach

Buíochas

Ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil le maoinitheoir an taighde seo, Comhairle Bhéal Feirste, a thug deontas dúinn faoina clár, Acmhainniú an Phobail. Ár mbuíochas chomh maith leis na rannpháirtithe ar fad sna fócasghrúpaí as ucht a gcuidithe leis an taighde seo. Thug Cultúrlann McAdam Ó Fiaich agus Cumann Chluain Árd tacaíocht as cuimse dúinn, mar aon leis na grúpaí eile Gaeilge. Thug Eibhlín Mhic Aoidh ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire comhairle iontach luachmhar dúinn, agus chuidigh Mary Delargy go mór le moltaí maidir le leagan amach na tuairisce. Fuarthas eolas agus teagmhálaithe fiúntacha ó phobal na Gaeilge – go raibh maith agaibh uilig! Chuidigh na meáin linn eolas a scaipeadh faoin togra chomh maith agus tá buíochas ar leith ag gabháil do RTÉ Raidió na Gaeltachta, do Raidió Fáilte, do Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, don Irish News, agus do na meáin uilig eile. Mo bhuíochas féin do choiste POBAL as ucht a dtacaíochta.